**Coimisiún na Scrúduithe Stáit**

SCRÚDÚ NA hARDTEISTIMÉIREACHTA, 2017

**SCRÍOBH DO SCRÚDUIMHIR ANSEO ☛**

# CEOL – ARDLEIBHÉAL
## CUMADÓIREACHT (100 marc)
**DÉARDAOIN 22 MEITHEAMH – TRÁTHNÓNA 3.15–4.45**

STAMPA AN IONAID

**DON SCRÚDAITHEOIR**

Móriomlán na marcanna

| CEIST | MARC | | | |
|---|---|---|---|---|
| 1 | | | | |
| 2 | | | | |
| 3 | | | | |
| 4 | | | | |
| 5 | | | | |
| 6 | | | | |
| IOMLÁN | | | | |
| GRÁD | | | | |

**TREORACHA D'IARRTHÓIRÍ**

- Scríobh do scrúduimhir sa bhosca thuas.
- Freagair na ceisteanna sna spásanna atá ann dóibh sa fhreagarleabhar seo.
- Bain úsáid as na cliatha folmha ar fud an fhreagarleabhair do shracobair.

| | |
|---|---|
| **1. Iomlán na n-iomlán bun leathanaigh** | |
| **2. Móriomlán na gceisteanna dícheadaithe uile** | |
| **3. An marc iomlán a bronnadh (1 lúide 2)** | |

**Freagair DHÁ cheist - Ceist AMHÁIN as Roinn A (Cumadóireacht Séise) agus ceist AMHÁIN as Roinn B (Armóin)**

## ROINN A – CUMADÓIREACHT SÉISE (40 marc)

Gan ach ceist **amháin** a fhreagairt sa roinn seo: C1 nó C2 nó C3.

### C.1 LEANÚINT D'OSCAILT A THUGTAR


• Lean ar aghaidh leis an oscailt thíos chun séis 16 bharra a dhéanamh.

• Bíodh modhnú go dtí an ceannasach san áireamh agat ag pointe oiriúnach.

• Cuir comharthaí seanma cuí (míriú agus dinimic) leis an tséis.

• Roghnaigh uirlis as an liosta seo a leanas a bheadh oiriúnach don tséis agatsa:

❒ veidhlín ❒ cláirnéid ❒ corn ❒ óbó




**(40)**

**C.2 CEOL A CHUR LE TÉACS A THUGTAR**

Seo a leanas sliocht as an dán *An tEarrach* le Tomás P. MacAnna.

Léimeann na huain le háthas
Ar na páirceanna cois trá,
Léimeann mo chroí le gliondar
Go bhfuil sé ina lá.

Cuireadh ceol leis an gcéad líne thíos.

- Cuir ceol leis na focail eile chun séis 16 bharra a dhéanamh. (Ta cead agat níos mó ná an líon barraí seo a bheith ann agus bíodh modhnú san áireamh agat, más mian leat.)

- Cuir comharthaí seanma cuí (míriú agus dinimic) leis an tséis.





**(40)**

## C.3 CUMADÓIREACHT DO RITHIM NÓ DO MHEADARACHT NÓ D’FHOIRM DAMHSA A THUGTAR

Tugtar mír oscailte gabhóide thíos.

- Lean ar aghaidh leis an oscailt a thugtar chun séis 16 bharra a dhéanamh.
- Úsáid an fhoirm $AA^1 BB^1$.
- Bíodh modhnú go dtí an ceannasach san áireamh agat ag pointe oiriúnach.
- Cuir comharthaí seanma cuí (míriú agus dinimic) leis an tséis.
- Roghnaigh uirlis as an liosta seo a leanas a bheadh oiriúnach don tséis agatsa:

☐ fliúit Shasanach fhorshéise ☐ fliúit ☐ veidhlín ☐ cláirnéid




**(40)**

**ROINN B – ARMÓIN (60 marc)**


Gan ach ceist **amháin** a fhreagairt sa roinn seo: C4 nó C5 nó C6.

## C.4 CUMADÓIREACHT NÓTAÍ SÉISE AGUS DORDNÓTAÍ Ó SHRAITH CORDAÍ

RÉAMHOBAIR

• Rianaigh na cordaí atá ar fáil duit i mórghléas A i ngreille an chordbhainc nó ar an gcliath thíos.

| Nótaí an chorda | E<br>C♯<br>A | | G♯<br>E<br>C♯ | | | | D<br>B<br>G♯ |
|---|---|---|---|---|---|---|---|
| Siombail an chorda | A | | C♯m | | | | G♯° |
| An uimhir Rómhánach | I | ii | iii | IV | V | vi | vii° |




**SRACOBAIR**

**DON SCRÚDAITHEOIR**

| | | | | |
|---|---|---|---|---|
| Dordnótaí | | | | |
| Cáilíocht na dordlíne | | | | |
| Séis | | | | |

• Déan staidéar ar an dréacht ceoil seo thíos.

• Ag baint úsáide duit as na cordaí a thaispeántar, cum nótaí séise agus dordnótaí chun an dréacht a chríochnú sa stíl a thugtar.





**(60)**

## C.5 DORDNÓTAÍ AGUS COMHARTHAÍ CORDA A CHUMADH D’FHONN A THUGTAR

RÉAMHOBAIR

- Rianaigh na cordaí atá ar fáil duit i mórghléas A♭ i ngreille an chordbhainc nó ar an gcliath thíos.

| Nótaí an chorda | E♭<br>C<br>A♭ | | G<br>E♭<br>C | | | | D♭<br>B♭<br>G |
|---|---|---|---|---|---|---|---|
| Siombail an chorda | A♭ | | Cm | | | | G° |
| An uimhir Rómhánach | I | ii | iii | IV | V | vi | vii° |




**SRACOBAIR**

**DON SCRÚDAITHEOIR**

| | | | | |
|---|---|---|---|---|
| Cordaí | | | | |
| Cáilíocht na réimnithe cordaí | | | | |
| Dordnótaí | | | | |
| Cáilíocht na dordlíne | | | | |

- Déan staidéar ar an dréacht ceoil seo thíos.
- Cuir isteach dordnótaí agus comharthaí corda oiriúnacha i stíl na hoscailte a thugtar.
- Ná bíodh an corda céanna agat sa suíomh céanna i mboscaí le hais a chéile.
- Is ceadmhach úsáid a bhaint as siombailí corda nó as uimhreacha Rómhánacha, ach gan úsáid a bhaint as an dá cheann.





**(60)**

## C.6 CUNTRA-SHÉIS NÓ FORSHÉIS AGUS TACA CORDÚIL A CHUR LE FONN A THUGTAR

RÉAMHOBAIR

• Rianaigh na cordaí atá ar fáil duit i mórghléas A i ngreille an chordbhainc nó ar an gcliath thíos.

| | | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|
| Nótaí an chorda | E<br>C♯<br>A | | G♯<br>E<br>C♯ | | | | D<br>B<br>G♯ |
| Siombail an chorda | A | | C♯m | | | | G♯° |
| An uimhir Rómhánach | I | ii | iii | IV | V | vi | vii° |




**SRACOBAIR**

**DON SCRÚDITHEOIR**

| | | | | |
|---|---|---|---|---|
| Cordaí | | | | |
| Forshéis | | | | |
| Dúntaí | | | | |

- Déan staidéar ar an dréacht ceoil seo thíos.
- Cuir isteach comharthaí cordaí oiriúnacha sna boscaí atá ann dóibh.
- Lean le páirt na forshéise sa stíl a thugtar chun an dréacht a chríochnú.
- Ná bíodh an corda céanna agat sa suíomh céanna i mboscaí le hais a chéile.
- Is ceadmhach úsáid a bhaint as siombailí corda nó as uimhreacha Rómhánacha, ach gan úsáid a bhaint as an dá cheann.




**(60)**

# SRACOBAIR

## SRACOBAIR

**Leathanach bán**

**2017. M53T**

**Coimisiún na Scrúduithe Stáit**

SCRÚDÚ NA hARDTEISTIMÉIREACHTA, 2017

**SCRÍOBH DO SCRÚDUIMHIR ANSEO** ☛

# CEOL – ARDLEIBHÉAL
## ÉISTEACHT – ÁBHAR ROGHNACH (100 marc)
## DÉARDAOIN 22 MEITHEAMH – TRÁTHNÓNA 5.00–5.45

STAMPA AN IONAID

**DON SCRÚDAITHEOIR**

Móriomlán na marcanna

| CEIST | MARC | | |
|---|---|---|---|
| 1–4 | | | |
| | | | |
| IOMLÁN | | | |
| BÓNAS DON GHAEILGE | | | |
| MÓRIOM. | | | |
| GRÁD | | | |

## TREORACHA d'IARRTHÓIRÍ

- Scríobh do scrúduimhir sa bhosca thuas.
- Freagair na ceisteanna sna spásanna atá ann dóibh sa fhreagarleabhar seo.
- Baileoidh an Feitheoir do thaifeadadh fuaime réamhullmhaithe don ábhar roghnach seo.

**Freagair GACH ceist.**

1. Luaigh an teideal atá ar do thopaic Roghnach Éisteachta.

_ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _

_ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _

2. Liostaigh trí cinn de na foinsí a d'úsáid tú nuair a bhí staidéar á dhéanamh agat ar an topaic seo. Tá sonraí iomlána do chuid foinsí uile riachtanach. Má tá an t-Idirlíon ar cheann de na foinsí agat, tabhair seoladh iomlán an tsuímh ghréasáin a d'úsáid tú le linn do thaighde.

(i) _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _

(ii) _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _

(iii) _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _

3. Ainmnigh cúig phíosa ceoil, chomh maith leis an gcumadóir nó leis an gceoltóir, a ndearna tú staidéar orthu mar chuid den ábhar roghnach seo agus atá ar an taifeadadh fuaime agat.

| Píosa | Cumadóir nó Ceoltóir |
|---|---|
| 1. | |
| 2. | |
| 3. | |
| 4. | |
| 5. | |

4.(a) Sainaithin trí ghné shuntasacha ceoil den topaic atá roghnaithe agat.

(i) _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _

(ii) _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _

(iii) _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _

(b) Tabhair cuntas ar do thopaic roghnaithe agus dean cinnte de

- go ndéanann tú cur síos ar na trí ghné cheoil atá sainaitheanta thuas agat
- go dtaispeánann tú conas atá na trí ghné atá roghnaithe agat, agus gnéithe ceoil eile, i láthair sa cheol a bhfuil staidéar déanta agat air don ábhar roghnach seo
- go dtagraíonn tú do na sleachta ceoil uile atá ar do thaifeadadh
- go gcuireann tú san áireamh an chaoi a ndeachaigh an topaic roghnaithe i bhfeidhm ort féin.

**Leathanach bán**

2017. M52T

**Coimisiún na Scrúduithe Stáit**

SCRÚDÚ NA hARDTEISTIMÉIREACHTA, 2017

**SCRÍOBH DO SCRÚDUIMHIR ANSEO** ☛

| |
|---|
| |

| |
|---|
| **CEOL – ARDLEIBHÉAL** |
| **ÉISTEACHT – CROÍCHÚRSA (100 marc)** |
| **DÉARDAOIN 22 MEITHEAMH – TRÁTHNÓNA 1.30–3.00** |

| STAMPA AN IONAID |
|---|
| |

**DON SCRÚDAITHEOIR**

Móriomlán na marcanna

| CEIST | MARC | | | |
|---|---|---|---|---|
| 1 | | | | |
| 2 | | | | |
| 3 | | | | |
| 4 | | | | |
| 5 | | | | |
| 6 | | | | |
| IOMLÁN | | | | |
| BÓNAS DON GHAEILGE | | | | |
| MÓRIOM | | | | |
| GRÁD | | | | |

## TREORACHA D'IARRTHÓIRÍ

- ❐ Scríobh do scrúduimhir sa bhosca thuas.
- ❐ Sula dtosaíonn an scrúdú, éist go cúramach leis an sliocht trialach. Mura féidir leat an taifeadadh a chloisteáil go soiléir, cuir in iúl don fheitheoir láithreach bonn é.
- ❐ Éist go gcloisfidh tú an ghíog rabhaidh agus na fógraí ar an taifeadadh.
- ❐ Scríobh do chuid freagraí uile sa fhreagarleabhar seo sna spásanna atá ann dóibh. I gceisteanna ina bhfuil rogha, cuir tic sa bhosca cuí.
- ❐ Bain úsáid as na spásanna laistigh den chlúdach cúil don tsracobair.

**C. 1** Trí shliocht as *Ceathairéad Pianó Uimh.1* le Gerald Barry.

- Seinnfear gach sliocht trí huaire.
- Tá sos fiche soicind ann idir gach babhta seanma den cheol sa cheist seo.
- Freagair na ceisteanna ar gach sliocht.

**Sliocht 1. Tá breac-scór den ceol sa sliocht seo priontáilte thíos.**



(i) Baineadh an sliocht seo as

☐ tús an tsaothair ☐ lár an tsaothair ☐ críoch an tsaothair

(ii) Ainmnigh an fonn Gaelach ar bunaíodh an tséis sa sliocht seo air.

____________________________________________

(iii) Sainaithin teicníc chumadóireachta a úsáidtear sa sliocht seo.

☐ méadú ☐ ilmheadaracht ☐ canóin

Déan cur síos ar an gcaoi a n-úsáidtear an teicníc seo sa sliocht seo.

____________________________________________

____________________________________________

____________________________________________

(iv) Seinntear na barraí 1–26 faoi dhó sa sliocht. An dara huair a seinntear iad cloistear athrú

☐ san airde ☐ sa luas ☐ sa dinimic

**Sliocht 2. Níl aon cheol priontáilte ann don sliocht seo.**

(i) Ainmnigh an chuid den saothar a chloistear sa sliocht seo. ___________________

(ii) Déan cur síos ar dhá shlí a bhfuil an ceol sa sliocht seo éagsúil leis an gceol i sliocht 1.

1. ______________________________________________

______________________________________________


2. ______________________________________________

______________________________________________

(iii) Is gné den ceol sa sliocht seo

☐ tréacha ☐ cúigigh ☐ ochtacha

**Sliocht 3. Tá breac-scór den ceol sa sliocht seo priontáilte thíos.**



(i) Ainmnigh na trí uirlis a chloistear sa sliocht seo.

1. ______________ 2. ______________ 3. ______________

(ii) Sa sliocht seo, iarrtar ar na hoirfidigh seinm *flautando*. Mínigh é sin.

______________________________________________

(iii) Tá an tonúlacht sa sliocht seo ☐ mór ☐ mion ☐ neamhthonúil

(iv) Cén tionchar atá ag na hathruithe san amchomhartha ar an gceol sa sliocht seo?

______________________________________________

______________________________________________

(v) Déan cur síos achomair ar dhá cheann ar bith de na gnéithe seo a leanas mar a úsáidtear iad sa *Cheathairéad Pianó Uimh.1* le Gerald Barry.


ilmheadaracht méadú casiompú aisiompú

| Gné | Cur síos |
|---|---|
| | |
| | |

**(25)**

**C. 2** Sliocht as *Bohemian Rhapsody* le Freddie Mercury a sheinnfear trí huaire.

- Tá sos fiche soicind ann idir gach babhta seanma den cheol sa cheist seo.
- Tá príomhlíne an ghutha sa sliocht seo priontáilte thíos.




- Freagair na ceisteanna seo a leanas:

(i) Sainaithin dhá ghné den ceol a chloistear sa sliocht seo sula dtosaíonn príomhlíne an ghutha.

1. ______________________________

2. ______________________________

(ii) Cuir isteach na cúig nóta atá ar iarraidh ag **X** ar an scór thuas.

(iii) Déan cur síos ar ghné amháin de cheol an phianó sa rannóg dheireanach den sliocht seo (i ndiaidh na bhfocal '*nothing really matters to me*').

______________________________

______________________________

(iv) Ainmnigh an chnaguirlis a chloistear ag fíordheireadh an tsleachta seo. ______________

(v) Déan cur síos ar dhá dhifríocht idir an ceol a chloistear sa sliocht seo agus an ceol i gceann de na rannóga seo a leanas de *Bohemian Rhapsody*. Cuir in iúl le tic sa bhosca cuí thíos cén rannóg atá roghnaithe agat:

☐ An Oscailt ☐ An Príomhamhrán ☐ An Rannóg Cheoldrámata

1. ______________________________

______________________________

2. ______________________________

______________________________

**(10)**

**C. 3** Sliocht as Cantáid Uimh. 78, *Jesu, der du meine Seele* le J.S. Bach a sheinnfear trí huaire.

- Tá sos fiche soicind ann idir gach babhta seanma den cheol sa cheist seo.
- Níl aon cheol priontáilte ann don cheist seo.
- Freagair na ceisteanna seo a leanas:

(i) Ainmnigh an ghluaiseacht as ar baineadh an sliocht seo. _______________________

Is iad a chanann an sliocht seo ná

☐ soprán agus alt ☐ soprán agus teanór ☐ alt agus teanór

Cantar na barraí tosaigh den sliocht seo

☐ in aoncheol ☐ i dtréacha ☐ i séacha

(ii) Sainaithin dhá ghné de línte an ghutha a chloistear sa sliocht seo.

☐ seichimh ☐ tríligh ☐ trírín (tríphléidigh) ☐ aithris

(iii) Sainaithin an uirlis mhéarchláir a sheinntear sa sliocht seo.

_______________________________________________

Léann oirfideach an mhéarchláir ó dhord figiúrtha. Mínigh é sin.

_______________________________________________

_______________________________________________

(iv) Sainaithin an dúnadh a chloistear ag deireadh an tsleachta seo. __________________

(v) Déan cur síos ar shampla amháin den fhocaldathú sa ghluaiseacht seo.

_______________________________________________

_______________________________________________

_______________________________________________

**(10)**

**C. 4** Sliocht as *Réamhcheol Fantaise Romeo agus Juliet* le Tchaikovsky a sheinnfear trí huaire.

- Tá sos fiche soicind ann idir gach babhta seanma den cheol sa cheist seo.
- Níl aon cheol priontáilte ann don cheist seo.
- Freagair na ceisteanna seo a leanas:

(i) Baineadh an sliocht seo

❒ as an bhFoilsiú ❒ as an bhForbairt ❒ as an Athfhoilsiú

(ii) Is é an téama a chloistear sa sliocht seo ná

❒ Téama Friar Lawrence ❒ Téama an Achrainn ❒ Téama an Ghrá

Sainaithin dhá ghné den téama seo.

1. ______________________________________________

2. ______________________________________________

(iii) Sa sliocht seo cloistear dialóg idir na téaduirlisí agus na gaothuirlisí adhmaid.

Tá an dialóg seo bunaithe

❒ ar fhigiúir 2 nóta ❒ ar fhigiúir 3 nóta ❒ ar fhigiúir 4 nóta

(iv) Déan cur síos ar an úsáid a bhaineann Tchaikovsky as canóin sa dara leath den sliocht seo.

______________________________________________

______________________________________________

______________________________________________

(v) Déan cur síos ar dhá dhifríocht idir an téama a chloistear sa sliocht seo agus téama amháin eile as *Réamhcheol Fantaise Romeo agus Juliet*.

An téama eile: ______________________________________________

1ú difríocht: ______________________________________________

______________________________________________

2ú difríocht: ______________________________________________

______________________________________________

**(10)**

**Leathanach bán**

**C. 5 Ceol Gaelach.** Freagair **A** agus **B**. Tabhair faoi deara go bhfuil rogha ceisteanna in **B**.

**A.** Cloisfidh tú trí shliocht, gach ceann díobh á sheinm trí huaire. Tá sos fiche soicind ann idir gach babhta seanma den cheol sa cheist seo. Freagair na ceisteanna ar gach sliocht.

**Sliocht 1**

(i) Sainaithin an cineál fonn damhsa a chloistear sa sliocht seo agus an t-amchomhartha a bhaineann leis.

Damhsa: ____________________ Amchomhartha: ______________________

(ii) Scríobh síos barra rithime amháin a bhaineann leis an gcineál seo damhsa. _______________

(iii) Sainaithin uirlis amháin ar a seinntear an tséis sa sliocht seo. ________________________

(iv) An uirlis ar a seinntear an tionlacan sa sliocht seo ná ☐ an pianó ☐ an giotár ☐ an chruit

**Sliocht 2**

Dhá véarsa as *Neainsín Bhán.*

(i) Sainaithin an stíl amhránaíochta sa sliocht seo. _______________________________

(ii) Ainmnigh trí ghné den stíl amhránaíochta seo mar a chloistear sa sliocht seo iad.

1. ____________________________________________________________

2. ____________________________________________________________

3. ____________________________________________________________

(iii) Bain úsáid as litreacha chun foirm an véarsa a scríobh síos. _________________________

**Sliocht 3**

(i) Sainaithin an cineál fonn damhsa a chloistear sa sliocht seo. _________________________

(ii) Ainmnigh uirlis amháin ar a seinntear an tséis sa sliocht seo. _________________________

(iii) Sainaithin gné thraidisiúnta amháin den cheol a chloistear sa sliocht seo.

____________________________________________________________

(iv) Déan cur síos ar ghné amháin den tionlacan sa sliocht seo.

____________________________________________________________

____________________________________________________________

____________________________________________________________

**B.** Freagair ceann amháin díobh seo a leanas:

(i) Déan cur síos ar an bpíb uilleann nó ar an gcruit Ghaelach i gcomhthéacs cheol traidisiúnta na hÉireann.

(ii) Déan plé ar stíl cheoil aon ghrúpa atá clúiteach agus a bhfuil staidéar déanta agat air i gcomhthéacs cheol traidisiúnta na hÉireann.

(iii) Déan plé ar thraidisiún an bhanna céilí i gcomhthéacs cheol traidisiúnta na hÉireann.

(iv) Déan plé ar an méid a chuir ceol tíre na hÉireann le ceol Mheiriceá Thuaidh.


Cuir in iúl cén cheist a roghnaigh tú, le do thoil (i) ☐ (ii) ☐ (iii) ☐ (iv) ☐

**(25)**

**C. 6 Scileanna Éisteachta.** Tá an cheist seo bunaithe ar shleachta ceoil as *Scheherazade* le Nikolai Rimsky-Korsakov.

- Freagair na ceisteanna ar gach sliocht.

**Sliocht 1, an chéad chuid a sheinnfear trí huaire. Tá breac-scór de na barraí 1–6 priontáilte thíos.**



(i) Seinntear an ceol sna barraí 1–6

☐ in aoncheol ☐ in armóin ☐ in aithris

(ii) Déan cur síos ar ghné amháin den cheol a chloistear go díreach i ndiaidh na mbarraí 1–6.

_ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _

_ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _

(iii) Cloistear séis nua sa chuid dheireanach den sliocht.
Críochnaigh an ráiteas seo a leanas.


Tá an tséis á seinm ar an _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ , tá sí á tionlacan le cordaí ar an _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _.

**Cuid den cheol a chloistear níos faide anonn sa ghluaiseacht chéanna, a sheinnfear trí huaire.** Freagair (iv).




(iv) Cuir tic le dhá ghné den cheol sa chuid seo.

☐ sioncóipiú ☐ athruithe gléis ☐ athruithe méadair ☐ seichimh

**Sliocht 2, an chéad chuid, a sheinnfear trí huaire. Tá breac-scór den cheol sa sliocht seo priontáilte thíos.**




(i) Is iad na nótaí atá ar iarraidh ag **X** ar an scór thuas ná

☐    ☐    ☐ 

(ii) Déan cur síos ar ghné amháin den tionlacan sa sliocht seo.

______________________________________________

______________________________________________

**Cuid den cheol a chloistear níos faide anonn sa ghluaiseacht chéanna, a sheinnfear trí huaire.** Freagair (iii).

(iii) Déan cur síos ar dhá dhifríocht idir an ceol seo agus an ceol a chloistear sa chéad chuid de Shliocht 2.

1. ______________________________________________

______________________________________________

2. ______________________________________________

______________________________________________

**Sliocht 3, a sheinnfear trí huaire. Níl aon cheol priontáilte ann don sliocht seo.**

Cloisfidh tú anois an chuid dheireanach den saothar seo. Déan cur síos ar chosúlacht amháin idir an ceol sa sliocht seo agus an chuid dheireanach (an Códa) de *Réamhcheol Fantaise Romeo agus Juliet* le Tchaikovsky.

______________________________________________

______________________________________________

______________________________________________

______________________________________________

**(20)**

**Tá ceithre nóiméad agat chun an scrúdpháipéar a chríochnú.**

**Leathanach bán**